Tomhasanna:

1

Ní sé amuigh ort,
Níl sé istigh ort,
Tá sé ort,
Is ní trom leat é.
Cad é?

2

Tá sé an-bhreá
Tá sé buí ina lár,
A sciatháin bán
Agus gan faoi ach aon chos amháin.
Cad é?

3

Í féin is a céile ag dul timpeall liom
Le breis is cúpla mí;
Teanga láidir atá aici
Ach focal ní labhraíonn sí
Cad í?

4

Cé a bhí mí d'aois
Sular rugadh Maois,
Agus atá mí d'aois ó shin?

5

Chuaigh mé suas an bóithrín
Is chuaigh mé anuas an bóithrín
Agus thug mé an bóithrín liom ar mo dhroim.
Cad é?

6

Cuireann tú isteach tirim é agus tagann sé amach fliuch?
Cad é ?

Caithfidh sé dul suas ach ní thiocfaidh sé anuas. Cad é?

Bíonn a dhá lámh ar a aghaidh i gcónaí. Cad é?

7

Bairille gan tóin
Is é lán d'fheoil dhaonna.
Cén rud é?

10

8

Cím é is ní chím é,
Cím ar an bhfalla é,
Siúlann sé sa ghairdín,
Agus an drúcht ní scaipeann sé.
Cad é?

9

Bíonn sé sa mhóinéar,
agus ní bhaintear é.
Bíonn sé sa tsiopa
agus ní dhíoltar é.
Bíonn sé san abhainn,
agus ní bháitear é?
Cén rud é?

Droichead ar loch gan maide ná cloch.
Cad é?

11

12

Chomh bán le sneachta,
Chomh dearg le fuil,
Chomh hard leis an bhfalla,
agus chomh milis le mil.
Cén rud é?

14

Ní húm, ní hám,
Ní hiarann, ní stán,
Ní cnámh, ní biorán,
Ní snáthaid, ní sop

13

Teas na gréine,
Teas na tine,
Meallann siad an fhuaim is binne.
Cén fhuaim í?

Cad é an droichead is lú ar domhan?

16

Uisce guirt gan salann gan sáile?

15

17

Siúd í isteach an tseoid, tseoid,
Siúd í amach an tseoid, tseoid,
Tháinig fear na gceithre gcos,
Agus sciob sé leis an tseoid, tseoid

18

Giodamán cúramach,
Ag imeacht tríd an spear
Gan aon ní ag cur aon tinnis air
Ach a chúraimí féin
Is é ag fáil a chuid stóir
Ar bhláthanna an fhéir

19

Capaillín donn agus shiúlódh sé an domhan agus ní fhliuchadh sé cos

20

Dhá ghé roimh gé agus gé i ndiaidh gé?

21

Chím sa chlais é agus beart air?

22

Filleann sé ón sliabh
De ló is d'oíche
Ach ón machaire mín
Ní fhilleann sé choíche

23

Siúlann sé trí chnoc is glean
Is é ina sheasamh ar a cheann?

24

Tá sí ar chúl an chuntair is ní díoltar í,
Tá sí sa tine is ní dóitear í,
Tá sí ar an urlár is ní bristear í,
Is níl aon chearn den domhan nach siúlann sí.

Feicim ina suí is ina seasamh í,
Feicim ar bhláth ar aitinn í,
Ceo ná drúcht ní leagann sí,
Is ní stadann sí de shíor.

25

Chuaigh bia go dtí triúr ar bhruach Loch Léin,
D'ith an bia an triúr
Is tháinig sé féin

26

Teachtaire glórach,
Teachtaire geal,
Ag rá leis an saol:
'Tá an oíche ar ceal'.

27

Bean bheag uasal ag scuabadh an chasáin,
Gan chraobh, gan scuab, gan chuaille, gan scathán.

28

Teas na gréine, teas na tine,
Meallann siad an fhuaim is binne.
Cén fhuaim?

29

Fear fada sractha ina sheasamh sa ghort,
É bodhar agus balbh, ceist agam ort.

30

Ní chuireann sé aon cheist lena ghlór
Ach faigheann sé freagraí go leor.

31

Tomhas agam ort, éist leis go beo,
Cén fear a bhearann naoi n-uaire sa ló?

32

Freagraí

3. D’ainm
4. Nóinín
5. Bróg
6. An ghealach
7. Dréimire
8. Tae
9. Clog
10. Scáth
11. An ghrian
12. Méaracán
13. Leac oighir
14. Úll ar chrann
15. Crónán cat
16. Ribe
17. Allas nó deoracha súl
18. Droichead na sróine
19. Luch agus cat

Freagraí

18. Meach (beach)
19. Meach (beach)
20. Scáth
21. Slimide
22. Macalla
23. Tairne i mbonn bróige
24. An ghrian
25. An ghealach
26. Thug iolar cat leis mar bhia dá chuid gearcach, ach d’ith an cat na gearcaigh agus tháinig sé féin slán abhaile!
27. Coileach ag glaoch
28. An ghaoth
29. Crónán
30. Fear bréige
31. An teileafón
32. Bearbóir

Tomhasanna eile:

Bíonn tír agus talamh glas dá bharr, Bíonn dearg ina ghné, Bíonn adharca géara air abhus is thall Ach ní ainmhí é. **(Cuileann)**	Niúdar neádar, duine beag bán, Dhá cheann air is corp amháin **(Spól snátha)**
Léimeann sé clathacha is itheann sé geamhar, Bó bheag choséadrom gan adharca ar a acheann **(Giorria)**	Tomhas agam ort, tomhas agam ort, Thug m'athair síol dom le cur sa ghort, Bhí an síol dubh is an talamh bán- Freagair é sin is críochnaigh mo dhán. **(Litir a scríobh)**
Cailleach fhada chaol Is gan aici ach súil amháin, Eireaball fada ag síobadh siar A ligeann sí ar fán, Is gach uair a théann sí an bhearna amach Fágann sí giota dá heireaball ina diaidh sa trap. **(Snáthaid agus a heireaball an snáth a bhíonn ina súil)**	Tomhais é, tomhais é ceart go leor, Na céadta súil gan béal ná srón. **(Síothlán nó criathar)**
Cad is caime ná an abhainn? **(Snáithín stoca)**	Soitheach gan tóin is é lán d'fheoil duine **(Méaracán táilliúra)**
Cosa fada, glúine cama, ceann marbh gan súil **(Tlú)**	Teachtaire beag ó thigh go tigh agus bíonn sé amuigh istoíche. **(Casán / bóithrín)**
Cím is ní bhraithim (é) Ag siúl ar bharr an aitinn Ní fhliuchann an drúcht é, Is ní shiúlann sé i n'aonar **(Mo scáth)**	Bairrlín (Bráillín) bán i lár an tí agus í gan ní, gan fí, gan filleadh, gan fuadh. **(Gath gréine)**

Cén chuid den gcapall is túisce a théann thar claí? **(A anál)**	Aghaidh gan cluas, gan béal, gan srón, gan smig, gan muineál **(Aghaidh cloig)**
Cad é an deifir idir 'bríste' agus 'císte' **Caithear an bríste a ghearradh sula ndéantar é agus caithear an císte a dhéanamh sula ngearrtar é!**	Cad a dhéanfadh níos mó fothroim ná banbh muice ar céalacan? **(Dhá cheann díobh!)**
Firín (Fearín) beag íseal thíos sa ghort Caidhb mór leathan air is gan fé ach cos **(Fás aon oíche nó púca padhail)**	An rud a ceanglaítear sa bhfómhar scaoiltear san earrach é **(Punann choirce)**
Cad is airde ná an cnoc **(An féar a fhásann air)**	Cá dtéann an taoide nuair a thagann an tráigh? **Mar a dtéann an oíche nuair a thagann an lá.**
Póca folamh ach rud éigin ann **Poll!**	Dá mhéad acu a thógann tú is ea is mó a fhágann tú i do dhiaidh. **Coiscéimeanna!**
Cad a mhaireann má thugann tú bia dó, ach a fhaigheann bás má fhaigheann sé deoch? **Tine!**	Cén rud nach bhfuil mórán maitheasa ann go dtí go mbristear é? **Ubh!**
Coiméadfaidh sé uisce cé go bhfuil sé lán de phoill? **Spúinse!**	Dá mhéad a thriomaíonn sé is eas is mó a éiríonn sé fliuch **Tuáille.**
Ní fuis is ní feoil is ní cnámh é, agus is as fuil agus feoil a d'fhás sé. **Cleite/ Ribe gruaige**	Cén rud is mó a ritheann gan cosa? **Abhainn**
De réir mar a théann sé in aois bíonn sé ag fás síos. **Eireaball bó!**	Dá mhéad a thógann tú as is ea is mó a bhíonn sé? **Poll**

Ní itheann tú é, agus ní ólann tú é, agus ní beo thú ina éagmais. **Codladh.**	Cad a bhíonn dubh nuair a bhíonn sé glan agus bán nuair a bhíonn sé salach? **Clár dubh!**
Cén **té** is mó a bhíonn I mbéal an phobail gach lá? An **tae** a bhíonn sa phota gan dabht!	Siúd faoin stól é, siúd faoin gcófra é, Siúd amach an doras é is go deo air ní bhéarfá **An ghaoth**
Tá dhá sciathán agus eireaball air ach níl aon chlúmh air? **Eitleán!**	Chuireas faoin raithneach é agus chuireas faoin bhféar é agus chuireas faoin gcoirce é. Cad é? **Corrán**
Méisín cumtha camtha, A béal fúithi is a tóin in airde. **Báirneach.**	Cuirtear é agus baintear é, ach ní fhásann sé. **Glas an dorais.**
Cad nach foláir duit a choiméad tar éis duit é a thabhairt uait? **D'fhocal.**	Lár a chroí ina cheann agus seasann sé ar chois amháin? **Gas cabáiste**
Tá súil mhór amháin aige ach ní fheiceann sé aon rud léi. **Snáthaid** (Súil snáthaide.)	Dá shine dá bhfaigheann sé is ea is lú a éiríonn sé? **Coinneall ar lasadh.**
Siúd chugam é tríd an sruth, fear an chótar ghoirm agus snáithín dearg ina léine. **An gliomach**	Muicín i dtor is é lán de dhealga **Gráinneog.**
Duibhín Ó Duibh thar farraige anoir ag insint a scéil gan féith gan fuil. **Litir**	Cad a bhíonn lán agus ar féidir é a líonadh arís? **Corcán lán de phrátaí (é líonadh le huisce)**
Teachtaire beag ó theach go teach is bíonn sé amuigh san oíche **Cosán**	Bíonn sé mion agat más mion atá sé. Cé gur mion féin é is mór an taribhe duit é. **Mioneolas**
Chím is ní bhraithim é, Ag siúl ar bharr an aitinn, Ní fhliuchann an drúcht é, Is ní shiúlann sé ina aonar. **Mo scáth**	Cad na thaobh go bhféadfaí a rá go bhfuil an ghrian mórálach? **Mar bíonn éirí in airde uirthi gach aon mhaidin!**

Nuair a fhaightear an cú cad nach bhfeictear? **An giorria.**	Is furasta dul ann, is deacair teacht as. **Poll portaigh**
Loch bán faoi chalm ciúinis, réid, Is leathóg dhearg ag déanamh muintearais léi. **Pláta bainne agus cat á ól.**	Bréidín buí ar thaobh an tí – Is ní féidir liom a shníomh ná a réiteach. **An ghrian ag taitneamh ar thaobh an tí.**
Is fear gan anam é go gcuireann an teas fonn urlacain air. **An citeal.**	Bíonn sé sa mhóinéar is ní gearrtar é, san abhainn is ní báitear é, sa siopa is ní díoltar é. **Ga gréine**
Cén tsúil nach bhfeiceann agus cén teanga nach labhraíonn? **Súil agus teanga na bróige**	Bíonn sé ar an mbord go minic, gearrtar go minic é, ach ní itearriamh é? **Paca cártaí.**
Cad a ritheann timpeall páirce ach nach gcorraíonn? **Claí/Fál.**	Cad a chorraíonn is a chorraíonn, a bhíonn go síoraí ag corraí, is nár chorraigh riamh as an áit? **Eireaball madra.**
An mó gob a bhuaileann an chearc ar an talamh nuair a bhíonn sí ag ithe coerce? **Gob amháin!**	Cad atá ag duine ach nach féidir leis a choiméad ach dhá noimit? **A anáil**
Coicís ag líonadh Agus coicís ag trá Sin é mar a bhímse Agus mar a bheidh mé go brách **An ghealach!**	Cén taobh den gcupa go bhfuil an chluais air? **An taobh amuigh!**
Cén áit ar buaileadh an chéad tairne? **Sa chéann!**	Bean, muc is eascú **Trí rud nach féidir a smachtú!**